Scread Mhaidne :Scread Mhaidne 08/10/2010 13:12 Page 3

Scread Mhaidne

Joe Steve Ó Neachtain

Cló Iar-Chonnachta
Indreabhán
Conamara

Scread Mhaidne :Scread Mhaidne 08/10/2010 13:12 Page 4

An chéad chló 2003
© Joe Steve Ó Neachtain 2003

ISBN 1 902420 53 5

Dearadh clúdaigh: Pierce Design
Dearadh: Foireann CIC

Bord na Leabhar Gaeilge

Tugann Bord na Leabhar Gaeilge tacaíocht airgid do Chló Iar-Chonnachta

the arts council an chomhairle ealaíon

Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid ón gComhairle Ealaíon

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: Clódóirí Lurgan, Indreabhán, Conamara
Teil: 091-593251/593157

Scread Mhaidne :Scread Mhaidne 08/10/2010 13:12 Page 5

Joe Steve Ó Neachtain

I gCré Dhubh an Spidéil i gContae na Gaillimhe atá rútaí i dtalamh ag Joe Steve Ó Neachtain ón lá ar rugadh é i nDeireadh Fómhair na bliana 1942.

Bronnadh Gradam Jacobs ar a shaothar sraithdhrámaíochta *Baile an Droichid* a craoladh ar Raidió na Gaeltachta ó 1985 go dtí 1995.

Tá Gradam Litríochta Chló Iar-Chonnachta buaite faoi dhó aige; i 1998 lena chnuasach gearrscéalta *Clochmhóin* agus i 2001 ar an úrscéal *Lámh Láidir* atá le foilsiú ag Cló Iar-Chonnachta sa mbliain 2004.

Bronnadh Duais Oireachtais agus Duais Stuart Parker/BBC Raidió Uladh ar a dhráma *Níor Mhaith Liom do Thrioblóid*, dráma a bhain cáil amach nuair a léiríodh i dTaibhdhearc na Gaillimhe é i 2001 agus arís i 2003.

Tá mórchuid duaiseanna litríochta agus ardán bainte amach ag Joe agus tá sé ag saothrú plaic faoi láthair i gcarachtar Pheadair sa sobaldráma teilifíse *Ros na Rún*.

Seo an chéad úrscéal óna pheann. Bronnadh an chéad duais sa chomórtas Oireachtais don 'Úrscéal don Phobal' ar S*cread Mhaidne* i 1999.

Scread Mhaidne :Scread Mhaidne 08/10/2010 13:12 Page 7

Do Róisín

Is tú a thóg mo chroí
Ón ísle brí
Is a chuir brí
Sa bhfocal beo
Nuair a bhaist
Do ghlór
In athuair mé
Is tú ag spraoi
Le do Dheaideo.

Scread Mhaidne :Scread Mhaidne 08/10/2010 13:12 Page 8

Buíochas

Gan cúnamh na ndaoine seo leanas ní fhágfadh an leabhar seo m'aigne go brách:

Máirín, a chlóbhuail chuile fhocal; Aisling agus Páid, a cheartaigh is a chóipeáil; Mícheál Ó Curraoin, a thug chun cruinnis; Lochlainn Ó Tuairisg agus Berní Ní Chuinn.

Cló Iar-Chonnachta, Moltóirí an Oireachtais agus Bord na Leabhar Gaeilge a chuir muinín sa leabhar.

An Chomhairle Ealaíon, a chuir ar mo chumas breis ama a thabhairt don scríobh.

Go bhfága Dia bhur sláinte agaibh.

Scread Mhaidne :Scread Mhaidne 08/10/2010 13:12 Page 9

Réamhrá

Thagadh an t-allas amach trí mo chraiceann le teann faitís nuair a chloisinn na hoidí béil ag cur síos ar an scread mhaidne le linn m'óige.

Scread fhada uaibhreach olagónta nárbh fhearrde go brách an té a chloisfeadh í. Scread chéasta chráite a dhéanfadh an t-anam ag fágáil an choirp in am marfach na hoíche.

Chuala mé an scread chéanna luaite le sian bhaintrí os cionn chorp a haonmhic agus b'fhurasta dom dá réir scread chomh cráite céanna a shamhlú le máthair a mbeadh a céadghin dá streachailt as a baclainn dá buíochas.

Tharla sé agus ní mba scéal le baile amháin é ach le chuile bhaile sa tír ag tráth éicint. Nuair a bhínn ag scríobh *Baile an Droichid* do Raidió na Gaeltachta, bhíodh daoine as chuile cheard ag rá liom go raibh aithne mhaith acu ar chuid de na carachtair mar go raibh a leithéid ina gcónaí béal dorais leo. Sílim go mothóidh daoine as gach ceard an fhírinne chéanna leis na carachtair atá faoi chlúdach sa leabhar seo.

Níor thóg Sorcha a súil den chosán ó d'fhág siad bun an chnoic ach ag coimhlint ó chois go cois in aghaidh an strapa mar a bheadh sí ag tóraíocht faoisimh sa bpuiteach. Caint ná caidéis níor roinn sí leis an tsochraid fear a bhí aníos leis na sála aici, a ngeoin chiúin ómósach ag ardú go spleodrach de réir mar a bhí an maolchnoc ag tabhairt a ndúshláin.

Ach bhí a nglór mar a bhíonn glór na n-éan go minic, ag líonadh an aeir le ceol do chluasa bodhra na himní. Ní raibh feidhm le fuaim i gcluasa Shorcha ach í ag brostú mar a bheadh sí ag siúl i dtromchodladh, saothar uirthi ag iarraidh coinneáil leis an tarracóir a bhí ag tabhairt chorp Mhom go mullach an tsléibhe.

Níor mhothaigh sí glugarnach an uisce timpeall a cos sna bróigíní laga a bhí draoibeáilte aníos thar a n-uachtar san aistreán. Níor mhothaigh sí súile na bhfear a bhí ag dearcadh go hamhrasach ar a feisteas agus ar a chéile ag geata an tséipéil. Fios maith acu nach raibh díon deoire ná briseadh gaoithe ina culaith ghalánta ach leisce ar cheachtar acu a ladar a chur i ngraithe gan iarraidh. Níorbh é an chéad bhabhta ag Sorcha é ag tabhairt a cion don reilig. Ach bhí Mom mar thaca aici an lá ar adhlacadh Dad. An mhíoltóg ní chorródh i ngan fhios di an lá sin, a hintinn céim chun cinn ar an ngníomh, ainmneacha na ndaoine a bhí ag cásamh a mbrise leo curtha de chogar i

Scread Mhaidne :Scread Mhaidne 08/10/2010 13:12 Page 12

gcluais Mhom aici. Daoine ag fáil caidéise dá cumas eagrúcháin. Na daoine céanna a raibh na deora leo ag cásamh bhás Mhom, a d'fháisc a láimh go muirneach, cé nár mhothaigh sí tada de bharr go raibh an bás tobann tar éis an mothú a bhaint aisti.

Ghéaraigh sí ar a coiscéim i ngan fhios di fhéin nuair a chuir an tarracóir púir dheataigh in aer ina rith te reaite in aghaidh storráin a bhí i lúb an chosáin. Ní raibh an dara hanáil faighte léi go fóill aici, rud a d'fhág séideán inti nuair a rinne sí iarracht fanacht i gcóngar an choirp.

Lean a hamharc an tarracóir in aghaidh an strapa ar feadh ala an chloig ach ar an gcéad ala eile bhí na cosa tar éis sciorradh uaithi agus í tite ar a béal fúithi sa bpuiteach.

Bhí a dhá láimh báite go rostaí sa scuadar ag iarraidh a bheith á díriú fhéin agus gach a raibh ina timpeall ag béiceach amhail is dá mb'as a seasamh a thit sí.

Dhírigh beirt chomharsan suas go cineálta í, duine acu ag glanadh an phuitigh i mbinn a chóta chomh cineálta le máthair a bheadh ag athrú clúidín ar naíonán.

'*Are 'ou hurt, Sorcha?*'

'*No. Don't ruin your coat.*'

'*God blast the coat, it's aisy wash it. Did 'ou scrape 'ur knees?*'

'*No, I just slipped.*'

'*Ah, you'd need wellingtons. 'Tis no place for a woman this time of year, nothing but shite an' muck . . . 'ou have 'ur dress ruined.*'

'*It's OK, thanks.*'

Beirt eile rite chun cinn ag screadach in ard a ngutha ar an

Scread Mhaidne :Scread Mhaidne 08/10/2010 13:12 Page 13

tiománaí, duine ar chaon taobh dhe agus a lámha á threorú chomh fíochmhar le géagáin a bheadh á réabadh i stoirm.

'*Hi! Hi!*'

'*Hould on, Pa!*'

'*Hould on, I say!*'

Stop Pa an tarracóir ar an toirt agus nocht gealacán a shúl go sceonmhar ar fhaitíos gurbh é an cóiste a raibh an chónra istigh ann a bhí bainte as greim.

'*What's wrong?*' ar seisean, ag oscailt doras an chábáin.

''*Ur goin' too fa-ast. Will 'ou take it aisy, will ya*?'

'*But sure . . . Hell, man, I had to take a run at that hilleen or she'd start skiddin'. 'Tis fierce slippery*.'

'*I know, sure . . . but she's after fallin' in the slobber there behind . . .*'

'*You'll go inta the cab now. 'Tis the best place for ya*.'

'*No, I'm . . .*' ach bhí sí scuabtha den talamh idir a dhá láimh aige agus é ag rith in aghaidh an strapa léi chomh muirneach is dá mb'uainín caorach a bheadh sé a leagan ar an bhfoscadh.

'*In you go there, now. Let 'er sit in besides ya there, Pa*.'

'*OK, OK, no bother.*'

''*Tis impossible for a woman to walk in that scutter*.'

''*Tis a holy show, sure. Up to our ankles in it we are*.'

'*OK, now . . . hould onto that bar, miss . . . OK now?*'

'*OK*.'

'*That's the place for her now, Pa'll give 'er plenty talk*.'

'*Pity we didn't think of it below at the church gate*.'

'*I did sure, but you wouldn't like to be sayin' anathing*.'

'*I know*.'

'*She's light as a feather, the crature*.'

Scread Mhaidne :Scread Mhaidne 08/10/2010 13:12 Page 14

'*She is, Johnny, sure a puff o' wind 'd nearly blow 'er away*.'

'*You would kinda know she weren't as hardy as a home grown all the same.*'

'*How could she be? Protected like a day-old-chick all her life.*'

'*Overprotected she was. Sure, she have no experience of real life at all at all.*'

'*It's true for you. Between the prayers and the blessed candles she may as well have been reared in a convent.*'

'*I think too much of that holiness is worse than having no faith at all.*'

'*The poor creatureen is very shook lookin'. The shock, I suppose.*'

'*Faith, she's longer in the tooth than what she looks.*'

'*She'd be thirty, would she?*'

'*Hardly. She isn't that long teaching.*'

'*Faith, there's more metal in that one than what ya think . . . She's tough as nails in school, they say*.'

'*By Jaysus, they say she has great* smacht *and you wouldn't think she's old enough to be a taycher at all, to look at 'er*.'

'*By God, it isn't aisy to be aqual to some o' them goin' to that secondary school. Sure, they're up to every kind of devilment nowadays*.'

'*They say she's aqual to the best of 'em and, funny thing, they all likes 'er*.'

'*They do, sure. Didn't you hear them in church? I thought they'd never stop singin' them hymns*.'

'*Nuns, sure . . .*'

'*They were verra fond of the nuns always*.'

'*Sure, Bridie, Lord 'a' mercy on her soul, used to go walkin'*

Scread Mhaidne :Scread Mhaidne 08/10/2010 13:12 Page 15

with them. I seen 'em Sundays walkin' across the top of Seafinn and they talking Irish.'

'*Oh, mad for the Irish she was.*'

'*Sure, Bridie was from down Dingle way originally.*'

'*I hear 'em sayin she was related in some way to that nun that's runnin' the school, Sister Rosie, they calls her.*'

'*Ah, you hit it on the head. That's the reason – two Kerrywomen.*'

'*By Jay, they'll mind one another.*'

'*Keep it down, lads.*'

'*Ha?*'

'*There's ears on the wind.*'

'*What?*'

'*Brian, he's there behind us.*'

* * *

Ba in aon turas a bhí Brian Mór Murphy ag seachaint an chomhluadair, é ag moilliú a choiscéime go stuacach d'fhonn fanacht as fhéin i ndeireadh na sochraide. Ní roimh chomhluadar a chuid comharsan a bhí aon doicheall aige, cé gur bhraith sé beagán teannais sa mbealach a raibh a bhformhór á dhearcadh. Ón spóla goilliúnach a bhí ag ciapadh a chroí ab áil leis éalú ach bhí sé fánach aige faoiseamh a fháil ón ruaig achrainn a choip é sul má d'fhág sé an teach. Bhí glór oilbhéasach Mhary Margaret chomh binbeach ina chluasa leis an agall nimhneach a chuir sí amach an doras ina dhiaidh. Gan é ach ag iarraidh a bheith ag coinneáil na síochána go sibhialta.